An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

Dublin West Education Centre
Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar

**Stiúrthóir Ionad Tacaíochta Oideachais Bhaile Áth Cliath Thiar**

**Cuir Síos ar an bPost agus Nótaí Ginearálta**

## 1. Réamhrá

Is chun Stiúrthóir Lán-aimseartha a cheapadh ar Ionad Tacaíochta Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar atá an comórtas seo á reáchtáil. Déanfaidh an Stiúrthóir tuairisciú do Choiste Bainistíochta Ionad Tacaíochta Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar Beidh sé/sí, faoi réir fhaomhadh an Aire, ar iasacht faoi na Rialacháin um Ionaid Tacaíochta Oideachais (Ceapachán agus Iasacht Stiúrthóirí) 2017 agus aon leasú ar na rialacháin sin ina dhiaidh sin mar Stiúrthóir Ionad Tacaíochta Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar ar feadh scoilbhliana amháin le hathnuachan bhliantúil a fhorálann tréimhse iasachta nach faide ná cúig scoilbhliain. De réir SI 125/2023 ceadaítear do Stiúrthóir atá sa phost cheana féin agus atá sa chúigiú bliain den iasacht leanúint sa phost ar feadh tréimhse bhreise nach faide ná cúig bliana, atá le hathnuachan gach bliain, más é an duine sin an t-iarrthóir rathúil i gcomórtas oscailte poiblí atá á reáchtáil ag Coiste Bainistíochta an Ionaid Tacaíochta Oideachais.

Tá Ionad Tacaíochta Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar mar chuid den líonra de 21 Ionaid Oideachais lánaimseartha bunaithe faoin Acht Oideachais 1998. Tá an t-Ionad freagrach as forbairt agus cur i bhfeidhm straitéisí a thabharfaidh tacaíocht d'Fhoghlaim Ghairmiúil Múinteoirí (FGM) do mhúinteoirí agus do phobal níos leithne na scoile, agus dá bharr sin, cumas an Ionad Tacaíochta Oideachais ina abhantrach agus ina réigiún féin a mhéadú.

Tá an t-Ionad mar óstach ar Oide TIE agus mar cheanncheathrú riaracháin do Oide Droichead. Tugaimid seirbhís riaracháin don gclár Chaidrimh Baile Scoile ar son Seirbhís Tacaíochta Oideachais TUSLA (TESS).

Is gá don Ionad chomh maith a bheith freagrach do thosaíochtaí forbartha gairmiúla áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta.

## 2. Ról an Stiúrthóra

Tá stiúrthóir an Ionad Tacaíochta Oideachais (ITO) freagrach as obair ITO a stiúradh agus as na príomhróil agus feidhmeanna a chomhlíonadh mar atá leagtha amach i dtuairisc poist an

stiúrthóra. Tá an stiúrthóir freagrach freisin as bainistíocht laethúil fhoireann agus oibríochtaí ITO, i gcomhréir leis na treoirlínte agus na ciorcláin uile a fhéadfaidh ROO a eisiúint ó am go ham. Tá an stiúrthóir cuntasach don Choiste Bainistíochta (CB) as socruithe a chur i bhfeidhm chun rialachas éifeachtach a chinntiú sa ITO, lena n-áirítear socruithe bainistíochta airgeadais agus buiséadaithe, cur i bhfeidhm rialuithe airgeadais inmheánacha iomchuí agus cloí le socruithe iniúchóireachta, cloí le beartais luach ar airgead agus ceanglais reachtúla agus earnála poiblí eile**.**

Tá an CB freagrach as rialachas agus treo an ionaid, úsáid acmhainní an ionaid agus bainistíocht leithdháiltí buiséid a dhéanann an Roinn don ionad agus aon ioncam eile. Tá siad freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an ITO a ról mar atá mionsonraithe sna Treoirlínte Rialachais, Airgeadais agus Oibríochtúla d'Ionaid Tacaíochta Oideachais ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil agus go gcomhlíontar go hiomlán na treoirlínte, na nósanna imeachta agus aon chiorcláin ábhartha, agus na téarmaí agus coinníollacha uile a bhaineann leis an ITO. Is é an CB fostóir gach ball foirne de chuid ITO, seachas an stiúrthóir, agus tá siad freagrach as gach freagracht AD a bhaineann leis seo.

Féadfaidh an MC go leor dá d(h)ualgais/tascanna a tharmligean chuig an stiúrthóir, lena n-áirítear bainistíocht laethúil an ionaid agus a oibríochtaí.

Is ball ex officio den CB an Stiúrthóir agus ní ghníomhóidh siad mar chathaoirleach, mar leaschathaoirleach ná mar chisteoir. Ní bheidh cearta vótála ag an stiúrthóir.

**Beidh na dualgais seo san áireamh:**

- pleanáil le haghaidh riachtanais phobal na scoile áitiúla a shainaithint agus straitéisí iomchuí freagartha a cheapadh lena n-áirítear dearadh agus seachadadh chláir oiliúna agus forbartha do mhúinteoirí agus do phobal na scoile i gcoitinne ag leibhéal áitiúil

- socruithe a chur i bhfeidhm chun dea-rialú san Ionad Tacaíochta Oideachais a chinntiú, lena n-áirítear bainistíocht éifeachtach ar shocruithe airgeadais agus buiséid, cur i bhfeidhm rialú airgeadais agus socruithe iniúchta inmheánacha, cloígh le polasaithe luach ar airgead agus riachtanais eile reachtúla agus na hearnála poiblí

- Pleanáil do thodhchaí an ITO trí ráitis straitéise agus pleananna gnó a tháirgeadh le príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna) a thógann acmhainn go háitiúil, a spreagann nuálaíocht agus a thacaíonn le riachtanais áitiúla agus le tosaíochtaí náisiúnta. I gcás nach bhfuil Ráiteas Straitéise reatha ann, cuirfidh an Stiúrthóir nua ceann i bhfeidhm, i gcomhairle leis an gCoiste Bainistíochta, laistigh de 4 mhí ó thosú ag glacadh le post an Stiúrthóra.

- A chinntiú go gcomhlíontar théarmaí an Chomhaontaithe Maoirseachta (CM) idir an ITO agus an ROO. Ag comhlíonadh na spriocanna PTF atá sainaitheanta ar an gComhaontú Seachadta Feidhmíochta (CSF) idir an ITO agus an ROO. Ba cheart go mbeadh nasc idir na spriocanna seo agus Ráiteas Straitéise an ITO.

- tacaíocht a thabhairt do scoileanna sa phobal maidir le forbairt chleachtais éifeachtúla i ndáil le forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí trí chomhphobail chleachtais, imeachtaí foghlama gairmiúla arna dhearadh go háitiúil, tacaíocht ar líne srl.

- Athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh ar thionchar chlár foghlama gairmiúla ar obair scoileanna agus ar phobal na scoile níos leithne.

- straitéisí a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm chun dea-chaidrimh a fhorbairt idir scoileanna áitiúla agus a bpobail

- socruithe éifeachtúla comhpháirtíochta agus comhairliúcháin a fhorbairt leis an Roinn Oideachais agus Óige maidir le forbairt an Ionaid Tacaíochta Oideachais agus cur i bhfeidhm chláir náisiúnta agus áitiúla chun Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a chinntiú.

- naisc a chruthú agus a bheith ag obair i gcomhpháirt le seirbhísí agus eagraíochtaí eile chun deiseanna forbartha gairmiúla a sholáthar do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus do bhaill eile de phobal na scoile i scoilcheantar an Ionaid Oideachais

- comhoibriú, líonrú agus obair i bpáirt le grúpaí ábhartha eile agus eagraíochtaí eile, mar is iomchuí.

- ról an Ionaid a chur chun cinn mar acmhainn tacaíochta oideachais don phobal áitiúil scoile/oideachais

- comhairle agus tuairisciú a thabhairt don Choiste Bainistíochta faoi gach gné d'oibríochtaí an Ionaid Tacaíochta Oideachais.

- cloígh le riachtanais tuairiscithe na Roinne Oideachais agus Óige.

- Bainistiú foirne an Ionaid, lena n-áirítear pleanáil lucht saothair, cruinnithe foirne a threorú agus riachtanais forbartha gairmiúla na foirne a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu.

- aon fheidhmeanna eile (más ann dóibh) a chur i gcrích de réir mar a chinnteoidh Coiste Bainistíochta an Ionaid ó am go ham agus/nó an ROÓ.

**3. An réimse eolais, taithí agus scileanna a theastaíonn don phost**

Beidh réimse inniúlachtaí agus scileanna ag an iarrthóir idéalach le tacaíocht a thabhairt don ról, go háirithe:

- mioneolas ar sholáthar FGL bainteach le tosaíochtaí náisiúnta do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile i réimse timpeallachtaí: seimineáir náisiúnta, ceardlanna oíche, tacaíocht scoilbhunaithe, cnuaschruinnithe éascaithe agus tacaíocht ar líne ag leibhéil bhunscoile agus iar-bhunscoile araon.

- réimse leathan de thaithí ar theagasc agus tuiscint an-mhaith ar oibríocht scoileanna agus ar reachtaíocht ábhartha.

- grinnthuiscint ar an gcuraclam ag leibhéil bhunscoile agus iar-bhunscoile

- scileanna den scoth ceannasaíochta, bainistíochta agus eagraíochta agus cuntas teiste cruthaithe maidir le ceannasaíocht agus nuálaíocht

- tuiscint ar chloígh le riachtanais an chreata rialachais chorparáidigh faoina n-oibríonn comhlachtaí poiblí

- Scileanna pleanála agus comhordaithe den scoth lena n-áirítear eolas agus taithí ar bhailiú sonraí, buiséadú, tuairisciú airgeadais, scríobh tuarascálacha, pleanáil ghnó etc. Is cuid lárnach den ról é bainistíocht airgeadais ITO, lena n-áirítear maoirseacht agus rialú ar shruthanna maoinithe/deontais éagsúla agus ceistiú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais iniúchta bliantúla.

- scileanna idirphearsanta agus cumarsáide den scoth

- cumas maidir le díograis a chothú, daoine a spreagadh agus nuáil.

- fís shoiléir faoi ról agus obair an Ionaid Oideachais agus faoi Líonra na n-Ionad Tacaíochta Oideachais.

- cumas cruthaithe a bheith ag obair go neamhspléach agus mar bhall foirne.

- scileanna den scoth maidir le scileanna digiteacha agus cumas éifeachtach teicneolaíochtaí digiteacha a neadú san fhoghlaim, sa teagasc agus sa mheasúnú.

- solúbthacht riachtanais an Ionaid a chomhlíonadh, lena n-áirítear taisteal agus/nó obair san oíche nó ag an deireadh seachtaine mar is gá.

Beidh ar an té a n-éiríonn leis a mhodh iompair féin a bheith aige, chomh maith le ceadúnas iomlán tiomána. Beidh ar iarrthóirí árachas cuí cairr a shocrú Beidh feidhm le rátaí taistil agus cothabhála na hearnála poiblí.

Tá inniúlacht agus toilteanas a bheith ag obair trí mheán na Gaeilge inmhianaithe.

**4. Iomaíocht**

**Ceanglais riachtanacha**

1. Ní mór do gach iarrthóir an méid seo a leanas a chomhlíonadh:

- ní mór don iarrthóir a bheith ina mhúinteoir a bhfuil post ceadaithe múinteoireachta[1] lánaimseartha aige i mbunscoil nó in iarbhunscoil aitheanta don bhliain a bhfuil sé ag déanamh iarratas lena cheapadh mar Stiúrthóir (ar múinteoir é nach bhfuil a chlárúchán faoin Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, faoi réir coinníollacha) agus a bhfuil aige chomh maith -

  (I) fostaíocht nach lú ná 12 mhí lena fhostóir reatha, bíodh go bhfuil sé sa phost sin nó ar iasacht, ar an dáta ceapacháin chun post Stiúrthóra,

  agus

  (ii) taithí nach lú ná 5 bliana mar mhúinteoir i mbunscoil nó in iarbhunscoil aitheanta sa Stát;

[1] post atá maoinithe ag airgead arna sholáthar ag an Oireachtas

**NÓ**

- duine atá á fhostú faoi láthair mar Chigire ag an Roinn Oideachais agus Óige.

**Ba cheart d'iarrthóirí seo a leanas a thabhairt faoi deara freisin:**

Tá an ceapachán faoi réir fhaomhadh an Aire Oideachais agus Óige faoi na Rialacháin um Ionaid Tacaíochta Oideachais (Ceapachán agus Iasacht Stiúrthóirí), 2017 agus aon leasú ar na rialacháin sin ina dhiaidh sin. Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go mbaineann an méid seo a leanas leis an gceapachán mar Stiúrthóir ar Ionad Tacaíochta Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar.

i. Ceapfar Stiúrthóir ar feadh bliana amháin scoile le hathnuachan bliantúil agus foráil do thréimhse iasachta nach faide ná deich bliana scoile. (faoi réir a bheith mar iarrthóir rathúil i gcomórtas oscailte poiblí atá á reáchtáil ag Coiste Bainistíochta an Ionaid Tacaíochta Oideachais tar éis cúig bliana a chaitheamh sa ról). Baineann na nithe seo a leanas maidir leis sin:

- I gcás duine a bheith ar iasacht, bíodh sé mar Stiúrthóir nó eile, ní bheidh sé nó sí incháilithe lena c(h)eapadh mar Stiúrthóir ach amháin nuair atá tréimhse a c(h)uid seirbhíse i scoil ina dhiaidh sin comhionann le, nó níos faide ná, an tréimhse ama ar iasacht roimh an tseirbhís sin.
- Chun críocha aon ríomha agus incháilitheachta á deimhniú i leith ceapacháin, cuirfear san áireamh aon am ar shocrú iasachta.
- Áireofar mar bhliain iomlán aon chuid de scoilbhliain a chaith an duine ar seirbhís mar Stiúrthóir, chun críocha aon ríomha i leith phost an Stiúrthóra.
- Ní cheapfar aon duine mar Stiúrthóir sa chás go síneodh téarma an Stiúrthóra thar dháta éaga fostaíochta Stiúrthóra le bunscoil nó le hiar-bhunscoil aitheanta, nó leis an gCigireacht. Ní cheadófar tréimhse iasachta i ndiaidh dháta aois scoir éigeantaigh.
- Beidh Stiúrthóir atá sa chúigiú bliain sa phost incháilithe chun iarratas a dhéanamh leanúint ar aghaidh don séú bliain, atá le hathnuachan go bliantúil suas go dtí uastréimhse 10 mbliana. Más mian leis an duine leanúint ar aghaidh sa ról caithfidh sé/sí páirt a ghlacadh i gcomórtas oscailte poiblí atá á reáchtáil ag Coiste Bainistíochta an Ionaid Tacaíochta Oideachais. Beidh sé/sí ag iomaíocht go díreach le hiarratasóirí eile agus d'fhéadfadh sé go n-éireodh nó nach n-éireodh leis/léi an post a fháil.

ii. Beidh an ceapachán faoi réir imréitigh an Gharda Síochána.

Ní féidir tairiscint chinnte a dhéanamh sula gceadaíonn an tAire an iasacht.

Beidh an ceapachán faoi réir faomhadh an údaráis scoile/Bord Bhainistíochta.

Tosóidh an ceapachán an 1 Meán Fómhair 2026, nó chomh luath agus is féidir tar éis sin.

Agus iarrthóirí á meas le haghaidh ceapacháin faoin gcomórtas seo, féadfar fad an chonartha a bhféadfaí a thairiscint d'iarrthóir a thógáil san áireamh.

Ní mór sláinte, saoire breoiteachta agus taifead oibre i gcoitinne a bheith sásúil.

Beidh ar an té a n-éiríonn leis oibriú ar son an Ionaid Oideachais amháin, agus níl cead aon phost eile a ghlacadh le linn a chonartha gan ceadú cuí a fháil ó Choiste Bainistíochta an

Ionaid agus ón bPríomhoifigeach ar Bheartas Oideachais Múinteoirí (OTM agus Forbairt Ghairmiúil) Rannóg na Roinne.

Beidh ar an té a n-éiríonn leis conradh iasachta a shíniú sula nglacann sé leis an bpost mar Stiúrthóir.

Beidh feidhm leis an bpróiseas léirithe thuas, mutatis mutandis, do bhaill Chigireachta na Roinne.

Forchoimeádann an Coiste Bainistíochta, i gcomhairle leis an Roinn, an ceart an post a athfhógairt.

Beidh an ceapachán faoi réir teistiméireachtaí sásúla a fháil. Is féidir go gcinnteoidh an t-Ionad moltóirí sa bhreis a lorg más gá.

**5. Ceapachán agus Luach Saothair**

Ní dhéanfar tairiscint ar cheapachán ach amháin faoi na Rialacháin um Ionaid Tacaíochta Oideachais (Ceapachán agus Iasacht Stiúrthóirí), 2017 agus aon leasú ar na rialacháin sin ina dhiaidh sin, áit go meastar go bhfuil, i ndiaidh agallaimh, ar a laghad iarrthóir amháin ata oiriúnach don phost. Ní mór an conradh don phost a bheith sínithe ag an iarratasóir rathúil roimh an bpost a thógáil agus sa chás nach síníonn an t-iarrthóir an conradh, measfar taobh istigh de 14 lá nach bhfuil suim acu a thuilleadh sa phost agus tabharfar tairiscint don chéad iarrthóir eile is feiliúnaí ar an bpainéal.

I gcás go bhfuil an t-iarrthóir a n-éiríonn leis ina mhúinteoir cheana, nó ina mhúinteoir atá ar iasacht faoi láthair, coinneoidh sé/sí a t(h)uarastal múinteora reatha maraon le liúntas arb ionann é agus pointe amháin níos airde ná pointe 10 den scála liúntais príomhoide iar-bhunscoile. Má tá múinteoir ag fáil pointe níos airde ná pointe 10 den liúntas príomhoide iar-bhunscoile, ba cheart dó/di a thabhairt faoi deara **nach** gceadófar sin a choinneáil nuair a cheapfar é/í. Níl an liúntas iasachta le híoc ach amháin le linn do thréimhse iasachta.

Más státseirbhíseach an té a n-éiríonn leis, ní íocfar aon liúntas iasachta.

Ní mór d'iarrthóir a n-éiríonn leis a bheith ar fáil chun glacadh leis an bpost ar dháta a shocraíonn an Coiste Bainistíochta. Is faoin iarrthóir a n-éiríonn leis/léi toilteanas a (h)údarás scoile/ Bord Bainistíochta, nó fostóir eile a aimsiú chun glacadh leis an bpost.

**6. Nós Imeachta Roghnúcháin**

Ní mór d'iarrthóirí iarratais a chur isteach trí úsáid an fhoirm iarratais iomchuí atá ar fáil ó www.dwec.ie. Ní mór iarratais a chur isteach le ríomhphost chuig **recruitment@dwec.ie** faoi 3in ar an 23 Aibreán 2026. Ní bhreithneofar iarratais a gheofar i ndiaidh an spriocdháta seo. Ní bhreithneofar iarratas neamhiomlán. **Ní bhreithneofar cóipeanna crua d'iarratais.** Beidh sé de thoradh ar eolas nó dearbhuithe míthreoracha nó bréagacha go ndí-cháileofar an t-iarratasóir agus déanfar an t-iarratasóir neamh-incháilithe don cheapachán. Cuirfear in iúl go bhfuarthas foirmeacha iarratais iomlána. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go ndícháileofar an té a dhéanann canbhásáil, go díreach nó go hindíreach.

Cuirfear coiste roghnúcháin ar bun don phost. Áireofar ainmnithe Choiste Bainistíochta an Ionaid Oideachais agus ainmnithe na Roinne Oideachais agus Óige ar an gcoiste roghnúcháin. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfaidh gearrliostú a bheith i gceist.

Is faoi gach iarrthóir é/í féin a chur ar fáil ar na dátaí sonraithe, má thugtar cuireadh chuig agallamh dó/di, agus cibé socruithe is gá a dhéanamh chun cinntiú go bhfaigheann sé/sí aon chomhfhreagras a chuirfear chuige/chuici ag an seoladh a shonraítear ar a fhoirm iarratais. Beidh iarrthóirí freagrach as aon chaiteachas a thabhóidh siad maidir lena n-iarratais agus lena n-agallaimh.

Táthar ag súil go mbeidh na hagallaimh ann le linn na seachtaine dár tús 18 Bealtaine 2026.

Nuair a chuirfear deiridh leis an bpróiseas agallaimh, cuirfear gach iarrthóir ar an eolas maidir le toradh a n-agallamh. Tá próiseas achomhairc ar fáil ar shuíomh gréasáin an Ionaid Tacaíochta Oideachais.

**7. An tAgallamh**

Roghnófar an t-iarrthóir rathúil trí phróiseas agallaimh struchtúrtha. Beidh an painéal agallaimh comhdhéanta d'ionadaí ón gCoiste Bainistíochta an Ionaid Tacaíochta Oideachais, ionadaí Stiúrthóra agus ionadaithe ón gCigireacht agus ón Rannóg Tacaíochta Foghlama Gairmiúla do Mhúinteoirí na Roinne Oideachais agus Óige araon. Beidh an próiseas agallaimh bunaithe ar chúig phríomhinniúlacht (is ionann gach inniúlacht agus 20 pointe as iomlán de 110 pointe) agus ar chur i láthair gearr (is ionann an cur i láthair agus 10 bpointe as iomlán de 110 pointe).

Cuirfear na hinniúlachtaí seo a leanas san áireamh:

1. **Ceannaireacht** (fís, tionchar a imirt ar scileanna, cumas tógála foirne, cumarsáid).
2. **Bainistíocht/Pleanáil/Eagrúchán Oibre** (buiséadú agus cuntasacht airgeadais, riarachán, acmhainní, foireann, tosaíochtaí agus spriocanna a shocrú, scileanna monatóireachta agus smachta, smaointeoireacht anailíse, cinnteoireacht).
3. **Eolas ar Chórais agus ar Rialachas na hEarnála Poiblí** (tuiscint ar shaincheisteanna a bhaineann leis an gcóras oideachais reatha, ar Phlean gnímh don Oideachas, ar Thosaíochtaí na Roinne Oideachais agus Óige, ar riachtanais a bhaineann le rialachas na hearnála poiblí, eolas ar fhoghlaim ghairmiúil do mhúinteoirí agus ar fhoghlaim fhásta ar Líonra an Ionaid Tacaíochta Oideachais agus ar an Earnáil Oideachais níos leithne).
4. **Dearadh Cúrsaí Foghlama Gairmiúla do Mhúinteoirí agus Scileanna Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)** (FGM a chruthú/a threorú/a bhainistiú, eolas agus teicneolaíocht chumarsáide a úsáid chun foghlaim ghairmiúil do mhúinteoirí a éascú).
5. **Taithí agus cáilíochtaí ábhartha.** (tuiscint ar an gcaoi go mbaineann do thaithí agus do cháilíochtaí leis an ról seo).

Ba cheart d'iarrthóirí a n-oiriúnacht a mheas ó thaobh a dtaithí (gairme agus eile) go dtí an dáta seo, agus ó thaobh na scileanna/ cumais atá acu. Iarrfar orthu samplaí dá dtaithí a chur ar fáil maidir le gach inniúlacht lena n-oiriúnacht don phost a léiriú.

Iarrfar ar gach iarrthóir cur i láthair gearr a dhéanamh, nach mó ná cúig nóiméad, bunaithe ar a f(h)ís d'Ionad Tacaíochta Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar. **Ní cheadófar úsáid aon áiseanna teicniúla.**

Is féidir go gcuirfear ceist i nGaeilge ar iarrthóirí mar go bhfuil buneolas ar an nGaeilge inmhianaithe don phost.